2025/1929

30.9.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1929 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Meán Fómhair 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an dáta agus an t-am a nascadh le sonraí agus lena mbunaítear cruinneas na bhfoinsí ama chun ríomhstampaí ama cáilithe a sholáthar

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 42(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ról ríthábhachtach ag ríomhstampaí ama cáilithe sa timpeallacht dhigiteach tríd an aistriú ó phróisis thraidisiúnta pháipéarbhunaithe go coibhéisí leictreonacha a chur chun cinn. Trí fhaisnéis dáta agus ama a cheangal le ríomhshonraí, cuidíonn ríomhstampaí ama cáilithe le cruinneas an dáta agus an ama a léiríonn siad agus le sláine na ndoiciméad digiteach a bhfuil an dáta agus an t-am nasctha leo a áirithiú.

(2) Níor cheart feidhm a bheith ag an toimhde comhlíontachta a leagtar síos in Airteagal 42(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ach amháin i gcás ina gcomhlíonann seirbhísí iontaoibhe cáilithe chun stampaí ama cáilithe a eisiúint na caighdeáin a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart na caighdeáin sin a bheith ina léiriú ar chleachtais sheanbhunaithe agus ba cheart iad a aithint go forleathan laistigh de na hearnálacha ábhartha. Ba cheart na caighdeáin sin a oiriúnú chun go n-áireofaí leo rialuithe breise lena n-áirithítear slándáil agus iontaofacht na seirbhíse iontaoibhe cáilithe agus maidir leis an dáta agus an t-am a cheangal le sonraí agus cruinneas na foinse ama.

(3) Má chloíonn soláthraí seirbhísí iontaoibhe leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, ba cheart do chomhlachtaí maoirseachta a thoimhdiú go bhfuil ceanglais ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 á gcomhlíonadh agus breithniú cuí a dhéanamh ar an toimhde sin chun stádas cáilithe na seirbhíse iontaoibhe a dheonú nó a dheimhniú. Mar sin féin, féadfaidh soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe brath fós ar chleachtais eile chun comhlíonadh cheanglais Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a léiriú.

(4) Déanann an Coimisiún measúnú tráthrialta ar theicneolaíochtaí, cleachtais, caighdeáin nó sonraíochtaí teicniúla nua. I gcomhréir le hAithris 75 de Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), ba cheart don Choimisiún an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, más gá, chun é a choimeád i gcomhréir le forbairtí domhanda, le teicneolaíochtaí nua, le caighdeáin nó sonraíochtaí teicniúla agus chun na dea-chleachtais ar an margadh inmheánach a leanúint.

(5) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus, i gcás inarb ábhartha, ag Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) maidir le gach gníomhaíocht próiseála sonraí pearsanta faoin Rialachán seo.

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann leis an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach a bhunú (IO L, 2024/1183, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1183/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([4]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj.

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus thug sé a thuairim uaidh an 6 Meitheamh 2025.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach na caighdeáin tagartha agus na sonraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 42(2) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

IARSCRÍBHINN

Liosta caighdeán tagartha agus sonraíochtaí le haghaidh seirbhísí stampaí ama cáilithe

Tá feidhm ag caighdeáin ETSI EN 319 421 V1.3.1 ([1]) ('ETSI EN 319 421') agus ETSI EN 319 422 V1.1.1 ([2]) ('ETSI EN 319 422') leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

1. Le haghaidh ETSI EN 319 421

(1) 2.1 Tagairtí normatacha:

— [3] ISO/IEC 15408:2022 (codanna 1 go 5) 'Slándáil faisnéise, cibearshlándáil agus cosaint príobháideachais – Critéir mheastóireachta maidir le slándáil TF'.

— [4] ETSI EN 319 401 V3.1.1 (2024-06) 'Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Ceanglais Bheartais Ghinearálta le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Iontaoibhe'.

— [5] ETSI EN 319 422 V1.1.1 (2016-03) 'Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Prótacal stampála ama agus próifílí comhartha stampa ama'.

— [6] ar neamhní.

— [9] An Grúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála, Foghrúpa maidir le Cripteagrafaíocht: 'Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe' arna bhfoilsiú ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil ('ENISA') ([3]).

— [10] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 ([4]) ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le glacadh na scéime Eorpaigh um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar Chritéir Choiteanna ('SEDC').

— [11] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3144 ([5]) ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme agus lena gceartaítear an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(2) 3.1 Téarmaí

— tréimhse bhailíochta an deimhnithe: eatramh ama ó ní roimh ré go dtí gan a bheith cuimsitheach, ar lena linn a dhlíonn an t-údarás deimhniúcháin ('ÚD') go gcoinneoidh sé faisnéis ar bun maidir le stádas an deimhnithe.

(3) 3.3 Giorrúcháin

— Scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála atá bunaithe ar Chritéir Choiteanna SEDC

(4) 6.2 Ráiteas Cleachtais Seirbhíse Iontaoibhe

— OVR-6.2-03 Áireoidh an t-údarás seirbhísí iontaoibhe (ÚSI) ráitis maidir le hinfhaighteacht a sheirbhís stampála ama ina ráiteas nochta ÚSI.

(5) 7.3 Slándáil pearsanra

— OVR-7.3-02 Beidh pearsanra ÚSI i róil iontaofa, agus más infheidhme a fhochonraitheoirí i róil iontaofa, in ann an ceanglas maidir le 'saineolas, taithí agus cáilíochtaí' a chomhlíonadh trí oiliúint fhoirmiúil agus dintiúir, nó trí thaithí iarbhír, nó trí mheascán den dá cheann.

— OVR-7.3-03 Áireofar le comhlíonadh OVR-7.3-02 nuashonruithe rialta (gach 12 mhí ar a laghad) ar bhagairtí nua agus ar chleachtais slándála reatha.

([1]) EN 319 421 – Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair – Ceanglais Bheartais agus Slándála le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Iontaoibhe a eisíonn Stampaí Ama, V1.3.1.
([2]) EN 319 422 – Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair – Prótacal stampála ama agus próifílí ceadchomhartha stampa ama, V1.1.1 (2016-03), https://www.etsi.org/deliver/etsi_en/319400_319499/319422/01.01.01_60/en_319422v010101p.pdf.
([3]) https://certification.enisa.europa.eu/publications/eucc-guidelines-cryptography_en.
([4]) IO L, 2024/482, 7.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/482/oj.
([5]) IO L, 2024/3144, lgh. 19.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3144/oj.

(6) 7.6.2 Giniúint Eochair TSU

— TIS-7.6.2-03 Déanfar eochair nó eochracha TSU a ghiniúint laistigh do ghléas cripteagrafach slán ar córas iontaofa é i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) Critéir Choiteanna maidir le Meastóireacht Slándála Teicneolaíochta Faisnéise, mar a leagtar amach in ISO/IEC 15408 [3] nó i gCritéir Choiteanna maidir le Meastóireacht Slándála Teicneolaíochta Faisnéise, leagan CC:2022, Codanna 1 go 5, arna bhfoilsiú ag rannpháirtithe an tSocraithe maidir le Deimhnithe Critéar Coiteann a Aithint i réimse na Slándála TF, agus deimhnithe do EAL 4 nó níos airde; nó

(b) EUCC [10][11], agus deimhnithe do EAL 4 nó níos airde; nó

(c) go dtí an 31.12.2030, FIPS PUB 140-3 [7] leibhéal 3.

Déanfar an deimhniú sin chuig sprioc slándála nó próifíl cosanta, nó chuig dearadh modúil agus doiciméadacht slándála, a chomhlíonann ceanglais an doiciméid seo, bunaithe ar anailís riosca agus bearta slándála fisiciúla agus neamhtheicniúla eile á gcur san áireamh.

Má bhaineann an gléas cripteagrafach slán tairbhe as deimhniú DCAE [10][11], déanfar an gléas sin a chumrú agus a úsáid i gcomhréir leis an deimhniú sin.

— TIS-7.6.2-04 ar neamhní.

— NÓTA 3 ar neamhní.

— TIS-7.6.2-05A Beidh algartam eochairghiniúna TSU, an t-eochair-fhad sínithe agus an t-algartam sínithe a eascraíonn as sin a úsáidtear chun stampaí ama a shíniú agus chun deimhnithe eochrach poiblí TSU a shíniú faoi seach i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála [9] agus arna bhfoilsiú ag ENISA.

— NÓTA 4 ar neamhní.

— TIS-7.6.2-06 Ní dhéanfar eochair shínithe TSU a easpórtáil ná a iompórtáil isteach i ngléas cripteagrafach slán eile ach amháin i gcás ina gcuirfear an easpórtáil agus an iompórtáil sin chun feidhme go slán agus i gcomhréir le deimhniú na ngléasanna sin.

(7) 7.6.3 Eochairchosaint phríobháideach TSU

— TIS-7.6.3-02 Déanfar an eochair phríobháideach TSU a choinneáil agus a úsáid laistigh de ghléas cripteagrafach slán ar córas iontaofa é atá deimhnithe i gcomhréir le:

(a) Critéir Choiteanna maidir le Meastóireacht Slándála Teicneolaíochta Faisnéise, mar a leagtar amach in ISO/IEC 15408 [3] nó i gCritéir Choiteanna maidir le Meastóireacht Slándála Teicneolaíochta Faisnéise, leagan CC:2002, Codanna 1 go 5, arna bhfoilsiú ag rannpháirtithe an tSocraithe maidir le Deimhnithe Critéar Coiteann a Aithint i réimse na Slándála TF, agus deimhnithe do EAL 4 nó níos airde; nó

(b) an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar Chritéir Choiteanna (DCAE) [10][11] agus deimhnithe do EAL 4 nó níos airde; nó

(c) go dtí an 31.12.2030, FIPS PUB 140-3 [7] leibhéal 3.

Déanfar an deimhniú sin chuig sprioc slándála nó próifíl cosanta, nó chuig dearadh modúil agus doiciméadacht slándála, a chomhlíonann ceanglais an doiciméid seo, bunaithe ar anailís riosca agus bearta slándála fisiciúla agus neamhtheicniúla eile á gcur san áireamh.

Má bhaineann an gléas cripteagrafach slán tairbhe as deimhniú DCAE [10][11], déanfar an gléas sin a chumrú agus a úsáid i gcomhréir leis an deimhniú sin.

— TIS-7.6.3-03 ar neamhní.

— NÓTA 2 ar neamhní.

(8) 7.6.7 Deireadh na bpríomh-shaolré TSU

— TIS-7.6.7-03A Beidh an dáta éaga d'eochracha príobháideacha TSU i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe [9].

— NÓTA 1 ar neamhní.

(9) 7.10 Slándáil líonraí

— OVR-7.10-05 Déanfar an scanadh leochaileachta arna iarraidh le REQ-7.8-13 de ETSI EN 319 401 [1] uair amháin in aghaidh na ráithe ar a laghad.

— OVR-7.10-06 Déanfar an bréagionsaí tástála arna hiarraidh ag REQ-7.8-17X de ETSI EN 319 401 [1] uair sa bhliain ar a laghad.

— OVR-7.10-07 Déanfar ballaí dóiteáin a chumrú chun gach prótacal agus rochtain nach bhfuil gá leis chun an ÚSI a oibriú a chosc.

(10) 7.14 pleananna foirceanta agus foirceanta ÚSI

— OVR-7.14-01A Comhlíonfaidh plean foirceanta SSI na ceanglais a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 24(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.4].

2. Le haghaidh ETSI EN 319 422

(1) 2.1 Tagairtí normatacha

— [5] ar neamhní.

— [6] ar neamhní.

— [8] An Grúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála, Foghrúpa maidir le Cripteagrafaíocht: 'Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe'.

— [9] RFC 9110 HTTP Seimeantaic.

(2) 4.1.3 Hais-algartaim atá le húsáid

— Beidh feidhm ag an gclásal seo a leanas:

Hais-algartaim a úsáidtear chun an fhaisnéis atá le stampa ama a haischur, beidh fad ionchasach an stampa ama agus na haisfheidhmeanna roghnaithe i gcomparáid le ham i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [8].

— NÓTA ar neamhní.

(3) 4.2.3 Algartaim a dtabharfar tacaíocht dóibh

— Beidh feidhm ag an gclásal seo a leanas:

Beidh algartaim sínithe comharthaí stampa ama a mbeidh tacaíocht le tabhairt dóibh i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [8].'

— NÓTA ar neamhní.

(4) 4.2.4 Faid eochracha a dtabharfar tacaíocht dóibh

— Beidh feidhm ag an gclásal seo a leanas:

Beidh faid eochracha algartaim sínithe an algartaim sínithe roghnaithe i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA.

— NÓTA ar neamhní.

(5) 5.1.3 Algartaim a dtabharfar tacaíocht dóibh

— Beidh feidhm ag an gclásal seo a leanas:

Hais-algartaim le haghaidh na sonraí stampa ama atá le tacú, fad measta an stampa ama agus haisfheidhmeanna roghnaithe i gcomparáid le ham, comhlíonfaidh siad na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [8].

— NÓTA ar neamhní.

(6) 5.2.3 Algartaim atá le húsáid

— Beidh feidhm ag an gclásal seo a leanas:

Na hais-algartaim a úsáidtear chun an fhaisnéis a haischur le bheith stampáilte ó thaobh ama de agus le halgartaim sínithe comharthaí stampa ama, beidh siad i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [8].

— NÓTA ar neamhní.

(7) 6.3 Ceanglais maidir le fad eochrach

— Beidh feidhm ag an gclásal seo a leanas:

Beidh an t-achar eochrach le haghaidh algartam sínithe roghnaithe an deimhnithe TSU i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [8].

— NÓTA ar neamhní.

(8) 6.5 Ceanglais maidir le halgartaim

— Beidh feidhm ag an gclásal seo a leanas:

Úsáidfidh eochair phoiblí TSU agus síniú dheimhniú TSU na halgartaim a chomhlíonann na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [8].

— NÓTA ar neamhní.

(9) 7 bPróifíl le haghaidh na bprótacal iompair a dtabharfar tacaíocht dóibh

— Tacóidh an cliant stampála ama agus an freastalaí stampála ama leis an bprótacal stampála ama trí HTTPS [9] mar a shainítear i gclásal 3.4 de IETF RFC 3161 [1].

(10) 8 Sainaitheantóirí oibiachta na n-algartam cripteagrafach

— Beidh feidhm ag an gclásal seo a leanas:

Úsáidfidh eochair phoiblí TSU agus síniú dheimhniú TSU algartaim i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [8].

(11) 9.1 Ráiteas comhlíontachta an Rialacháin

— Má dhearbhaíonn an ÚSI comhartha stampa ama a bheith ina ríomhstampa ama cáilithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.2], beidh cás amháin ann den síneadh le Dearbhú í i réimse sínithe an chomhartha stampa ama leis an gcomhréir mar a shainmhínítear in IETF RFC 3739 [i.3], clásal 3.2.6.

— Beidh cás amháin den ráiteas ‘esi4-qtstStatement-1’ mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn B san iarmhír ar na Ráitis Qc.

— Ní mharcálfar an síneadh qcStatements mar rud criticiúil.